RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1860 ÓN GCOIMISIÚN

an 10 Meitheamh 2022

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin, formáidí, minicíocht agus modhanna agus socruithe maidir le tuairisciú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe an ceathrú fomhír d'Airteagal 9(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1247/2012 ón gCoimisiún ([2]), rinneadh é a leasú go suntasach. Ós rud é go mbeadh gá le tuilleadh leasuithe chun feabhas a chur ar shoiléireacht agus ar chomhleanúnachas an chreata dhlíthiúil, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe i ndlínsí eile, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1247/2012 a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina ionad.

(2) Ba cheart na mionsonraí arna dtuairisciú do stórtha trádála ag na contrapháirtithe i ndíorthaigh a chur isteach i bhformáid chomhchuibhithe chun bailiú, comhiomlánú agus comparáid sonraí idir stórtha trádála a éascú. Dá bhrí sin, ba cheart an fhormáid le haghaidh gach ceann de na réimsí atá le tuairisciú a fhorordú agus ba cheart tuarascálacha a chaighdeánú faoi threoir caighdeán ISO a úsáidtear go forleathan sa tionscal airgeadais.

(3) Féadfar roinnt tuarascálacha a chur isteach le haghaidh díorthach aonair, mar shampla, má dhéantar modhnuithe as a chéile ar an díorthach sin. Chun a áirithiú go ndéantar gach tuarascáil a bhaineann le díorthach, agus gach díorthach ina iomláine, a thuiscint i gceart, ba cheart tuarascálacha a chur isteach sa seicheamh croineolaíoch inar tharla na himeachtaí arna dtuairisciú.

(4) Chun an t-ualach a laghdú ó thaobh luachanna áirithe a mhodhnú de, agus go háirithe na mionsonraí a bhaineann le luacháil an chonartha agus an chorrlaigh arna bhreacadh nó arna fháil, ba cheart na mionsonraí sin a thuairisciú de réir mar atá siad ag deireadh gach lae.

(5) Tá córas an aitheantóra eintitis dhlítheanaigh ("LEI") curtha chun feidhme ina iomláine anois agus, dá bhrí sin, ba cheart do gach contrapháirtí i ndíorthach nó eintiteas atá freagrach as tuairisciú, an córas sin amháin a úsáid chun eintiteas dlítheanach a shainaithint i dtuarascáil. Chun go mbeidh úsáid chóras an aitheantóra eintitis dhlítheanaigh éifeachtach, ba cheart don chontrapháirtí nó don eintiteas sin atá freagrach as tuairisciú a áirithiú go ndéantar na sonraí tagartha a bhaineann lena aitheantóir eintitis dhlítheanaigh a athnuachan i gcomhréir le téarmaí eisitheora chreidiúnaithe aitheantóra eintitis dhlítheanaigh, dá dtagraítear mar Aonad Oibríochtúil Áitiúil.

(6) Bíonn sé casta an taobh contrapháirtí i ndíorthach a chinneadh le haghaidh táirgí áirithe. Dá bhrí sin, chun a áirithiú go dtuairiscítear an fhaisnéis sin go comhsheasmhach agus go cruinn, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir le treoir an díorthaigh a chinneadh.

(7) Chun fíor-risíochtaí contrapháirtithe a chinneadh, ceanglaíonn údaráis inniúla faisnéis iomlán agus chruinn maidir leis an gcomhthaobhacht arna malartú idir na contrapháirtithe sin. Dá réir sin, ba cheart rialacha sonracha a chinneadh lena n-áirithítear cur chuige comhsheasmhach maidir le tuairisciú soláthair urrúis chomhthaobhaigh le haghaidh díorthach nó punann ar leith.

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1247/2012 an 19 Nollaig 2012 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla chur chun feidhme maidir le formáid agus minicíocht tuarascálacha trádála chuig stórtha trádála de réir Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 352, 21.12.2012, lch. 20).

(8) Tá sonrú agus aicmiú cruinn agus sainaithint bheacht na ndíorthach fíor-riachtanach chun sonraí a úsáid ar bhealach éifeachtúil agus chun sonraí a chomhiomlánú ar bhealach fiúntach thar stórtha trádála, agus dá bhrí sin, rannchuidítear le cuspóirí an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais a leagtar amach sa Staidéar Féidearthachta maidir le Comhiomlánú Díorthaigh Thar an gCuntar arna fhoilsiú an 19 Meán Fómhair 2014. Thairis sin, tá cur chun feidhme an Aitheantóra Uathúil Táirge (UPI) arna chomhaontú ar fud an domhain fíor-riachtanach chun comhiomlánú sonraí na ndíorthach a chumasú ar leibhéal domhanda. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais tuairiscithe a bhaineann le haicmiú agus le sainaithint na ndíorthach a leagan amach chun go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil ina hiomláine do na húdaráis inniúla.

(9) Tá sé fíor-riachtanach an tAitheantóir Uathúil Trádála (UTI) ([3]) a ghiniúint agus a sholáthar go tráthúil chun an dá chontrapháirtí a chumasú an UTI céanna a úsáid, rud lena n-áiritheofar sainaithint agus comhcheangal ceart an dá thuarascáil a bhaineann leis an díorthach céanna, dá réir sin. Dá bhrí sin, is gá critéir a leagan síos chun an t-eintiteas atá freagrach as giniúint UTI a chinneadh chun nach ndéanfar an díorthach céanna a áireamh faoi dhó. Thairis sin, chun an cuspóir sin a bhaint amach le haghaidh na ndíorthach arna dtabhairt i gcrích leis na contrapháirtithe lasmuigh den Aontas, tá sé tábhachtach na rialacha sin a ailíniú leis an treoraíocht atá comhaontaithe ar fud an domhain maidir le UTI.

(10) Le hathrú ar Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh eintiteas ar leith mar gheall ar imeacht corparáide nó ar Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh á fháil ag eintiteas dlítheanach, féadfaidh sé gur ghá líon substaintiúil tuarascálacha a nuashonrú, go háirithe gach tuarascáil ina sainaithnítear eintiteas den sórt sin ina pháirtí atá bainteach le díorthach. Ar an gcúis sin, ba cheart nós imeachta a leagan síos chun a áirithiú gur féidir le stórtha trádála aitheantóir an eintitis a nuashonrú ar bhealach láraithe, rud lena n-áiritheofaí próiseas éifeachtúil, láidir agus tráthúil, dá réir sin.

(11) Féadfaidh sé nach mbeidh na húdaráis ar an eolas faoi fhadhbanna tuairiscithe suntasacha áirithe a bhaineann leis na heintitis tuairiscithe faoi mhaoirseacht, mar shampla, mura dtarlaíonn diúltaithe tuarascálacha nó teipeanna imréitigh mar gheall ar fhadhbanna den sórt sin. Chun a áirithiú go gcuirtear fadhbanna tuairiscithe suntasacha roimh shúile na n-údarás, ba cheart do na heintitis atá freagrach as tuairisciú fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi earráidí agus easnaimh ábhartha sa tuairisciú.

(12) I gcás inarb é contrapháirtí airgeadais atá freagrach agus faoi dhliteanas dlíthiúil, agus é sin amháin, as mionsonraí a bhaineann le conarthaí díorthaigh thar an gcuntar a thuairisciú thar ceann contrapháirtí neamhairgeadais de bhun Airteagal 9(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ba cheart don chontrapháirtí airgeadais na socruithe is gá a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go bhféadfaidh sé an oibleagáid sin a chomhlíonadh go cuí gan mionsonraí tuairiscithe díorthach a dhúbláil.

(13) Is léiriú soiléir iad bristeacha imréitigh ar fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist le cáilíocht na sonraí arna dtuairisciú. Dá bhrí sin, ba cheart socruithe a bheith i bhfeidhm ag na contrapháirtithe, na heintitis atá freagrach as tuairisciú agus na heintitis a chuireann tuarascáil isteach, de réir mar is infheidhme, chun a áirithiú go réitítear na teipeanna imréitigh.

(14) Chun a áirithiú go bhféadfaidh na húdaráis a sainordú a chomhlíonadh go héifeachtach, go háirithe an sainordú a bhaineann le cobhsaíocht airgeadais, is gá tuiscint shoiléir agus iomlán a bheith acu ar gach díorthach lena mbaineann riosca gan íoc. Ní fhéadfaidh ach ceanglas comhchuibhithe chun gach díorthach gan íoc a nuashonrú go cuí difríochtaí a chosc i gcur chun feidhme na gceanglas tuairiscithe a bhfuil feidhm acu maidir le díorthaigh gan íoc agus lena maolaítear dá réir sin an riosca go ndéanfar dochar don chóineasú maoirseachta. Thairis sin, trí áirithiú go ndéantar tuarascálacha a bhaineann le díorthaigh gan íoc a ailíniú ó thaobh ábhar na sonraí agus cháilíocht na sonraí de, is féidir na sreafaí tuairiscithe a shimpliú, rud a d'fhágfadh laghdú fadtéarmach ar chostais na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear stórtha trádála, eintitis tuairiscithe agus údaráis. Dá réir sin, chun feabhas a chur ar fheidhmiú agus ar laghdú an ualaigh thuairiscithe, i gcomhréir le cuspóirí leasuithe Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 arna dtabhairt isteach le Rialachán (AE) 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), tá sé fíor-riachtanach go dtuairiscíonn contrapháirtithe mionsonraí iomlána agus cruinne maidir le gach díorthach gan íoc i

([3]) Comhfhreagraíonn an téarma 'aitheantóir trádála uathúla (UTI)' a úsáidtear in Airteagal 9(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 don téarma Aitheantóir Uathúil Idirbhirt (UTI) a úsáidtear i gcaighdeán ISO 23897.

([4]) Rialachán (AE) 2019/834 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, i dtaca leis an oibleagáid imréitigh, le fionraí na hoibleagáide imréitigh, leis na ceanglais tuairiscithe, le teicnící maolaithe riosca do chonarthaí díorthach thar an gcuntar nach n-imréitíonn contrapháirtí lárnach, le clárú agus le maoirseacht stórtha trádála agus leis na ceanglais ar stórtha trádála (IO L 141, 28.5.2019, lch. 42)

gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme faoi láthair. Chun an t-ualach tosaigh a bhaineann leis na díorthaigh gan íoc a nuashonrú, ba cheart am breise a dheonú ionas go bhféadfaidh na contrapháirtithe na sonraí a bhaineann leis na díorthaigh gan íoc a nuashonrú. Thairis sin, ba cheart ceangal a chur ar chontrapháirtithe nuashonrú den sórt sin a chur isteach mura dtarlaíonn aon mhodhnú le linn an ama sin lena gcuirfí ceangal ar an gcontrapháirtí mionsonraí iomlána agus cruinne a bhaineann leis an díorthach a thuairisciú i dtuarascáil a bhaineann leis an modhnú sin, agus sa chás sin amháin.

(15) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla chur chun feidhme a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.

(16) Chuaigh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) i gcomhairle le comhaltaí an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais sula ndearna sé na dréachtchaighdeáin theicniúla chur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe a chur isteach. Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir le forálacha na ndréachtchaighdeán teicniúil chur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(17) D'fhonn contrapháirtithe agus stórtha trádála a chumasú gach gníomh is gá a dhéanamh chun dul in oiriúint do na ceanglais nua, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar ar feadh 18 mí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Caighdeáin sonraí agus formáidí tuarascálacha díorthach

Soláthrófar mionsonraí conartha díorthaigh atá le tuairisciú de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i gcomhréir leis na caighdeáin agus leis na formáidí a leagtar síos i dTáblaí 1, 2 agus 3 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus i bhfoirm leictreonach choiteann agus meaisín-inléite agus i dteimpléad XML coiteann i gcomhréir le modheolaíocht ISO 20022.

Airteagal 2

Minicíocht na dtuarascálacha

1. Gach tuarascáil ina bhfuil mionsonraí a bhaineann le díorthach a shonraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1855 ón gCoimisiún ([6]) soláthrófar iad san ord croineolaíoch inar tharla na himeachtaí a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le tuairisciú.

2. Contrapháirtí lárnach, contrapháirtí airgeadais nó contrapháirtí neamhairgeadais dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ar contrapháirtí i ndíorthach é, nó arb é an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú a dhéanamh, tuairisceoidh sé aon mhodhnú ar na mionsonraí a bhaineann leis na sonraí comhthaobhachta i réimsí 1 go 29 i dTábla 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1855 lena mbaineann an cineál gníomhaíochta "Nuashonrú corrlaigh", de réir mar atá na mionsonraí sin ag deireadh gach lae, le haghaidh an díorthaigh sin sna cásanna a leanas:

a) níor tháinig an díorthach in aibíocht agus ní raibh sé ina ábhar tuarascáil lena mbaineann an cineál gníomhaíochta "Foirceann", "Earráid" nó "Comhpháirt suímh" dá dtagraítear i réimse 151 i dTábla 2 den Iarscríbhinn; nó

(b) ní raibh an díorthach faoi réir tuarascáil lena mbaineann an cineál gníomhaíochta "Athbheochan" gan tuarascáil eile lena mbaineann an cineál gníomhaíochta "Foirceann" nó "Earráid" a bheith ina diaidh dá dtagraítear i réimse 151 i dTábla 2 den Iarscríbhinn.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84)

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1855 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin, formáidí, minicíocht agus modhanna agus socruithe maidir le tuairisciú (Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).

3. Contrapháirtí do dhíorthach dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 2 ar contrapháirtí lárnach, contrapháirtí airgeadais nó contrapháirtí neamhairgeadais é dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ar contrapháirtí i ndíorthach é, nó arb é an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú, tuairisceoidh sé an luacháil marcála ón margadh ag deireadh an lae nó an luacháil mharcáil de réir samhla ag deireadh an lae den chonradh i réimsí 21 go 25 i dTábla 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1855 lena mbaineann an cineál gníomhaíochta "Nuashonrú luachála", de réir mar atá sí ag deireadh gach lae.

Airteagal 3

Contrapháirtithe agus eintitis eile a shainaithint

1. Úsáidfear le tuarascáil cód Aitheantóra Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) ISO 17442 chun an méid a leanas a shainaithint:

(a) eintiteas bróicéireachta;

(b) contrapháirtí lárnach;

(c) comhalta imréitigh;

(d) contrapháirtí ar eintiteas dlítheanach é;

(e) eintiteas a chuireann tuarascáil isteach;

(f) eintiteas atá freagrach as tuairisciú;

(g) soláthraí seirbhíse um riosca iarthrádála a laghdú.

2. Contrapháirtí 1 do dhíorthach dá dtagraítear i réimse 4 i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1855 agus an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú, áiritheoidh siad go ndéanfar na sonraí tagartha a bhaineann lena gcód LEI ISO 17442 a athnuachan i gcomhréir le téarmaí aon Aonad Oibriúchtúil Áitiúil creidiúnaithe den Chóras LEI Domhanda agus tabhairt i gcrích nó modhnú conartha díorthaigh de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 á thuairisciú.

Airteagal 4

Treo an díorthaigh

1. Déanfar taobh an chontrapháirtí sa chonradh díorthaigh dá dtagraítear i réimsí 17 go 19 i dTábla 1 den Iarscríbhinn a chinneadh tráth a thugtar an díorthach i gcrích i gcomhréir le míreanna 2 go 14.

2. I gcás roghanna agus roghtálacha, is é an contrapháirtí a bhfuil an ceart aige an rogha a fheidhmiú an contrapháirtí a shainaithneofar ina cheannaitheoir agus is é an contrapháirtí a dhíolann an rogha agus a fhaigheann préimh a shainaithneofar ina dhíoltóir.

3. I gcás conarthaí réamhcheaptha a bhaineann le hairgeadraí, sainaithneofar contrapháirtí 1 ina íocóir nó ina fhaighteoir le haghaidh mhalairt 1, agus is é a mhalairt a bheidh i gceist le haghaidh mhalairt 2. Cuirfidh contrapháirtí 2 a mhalairt de luachanna atá ag contrapháirtí 1 i réimse 18 agus réimse 19 i dTábla 1.

4. I gcás babhtálacha a bhaineann le hairgeadraí ina dtarlaíonn malartuithe airgeadraí iomadúla, déanfar gach contrapháirtí le haghaidh gach malairt den trádáil a shainaithint ina íocóir nó ina fhaighteoir den mhalairt bunaithe ar an malairt airgeadraí a tharlaíonn ar í an mhalairt is gaire don dáta éaga í.

5. I gcás conarthaí réamhcheaptha seachas conarthaí réamhcheaptha a bhaineann le hairgeadraí agus i gcás conarthaí todhchaíochtaí, is é an contrapháirtí a cheannaíonn an ionstraim a shainaithneofar ina cheannaitheoir agus is é an contrapháirtí a dhíolann an ionstraim a shaineofar ina dhíoltóir.

6. I gcás conarthaí airgeadais difríochta agus raonghealltanas is é an contrapháirtí a théann gearr ar an gconradh a shainaithneofar ina dhíoltóir, agus is é an contrapháirtí a théann fada ar an gconradh a shainaithneofar ina cheannaitheoir.

7. I gcás babhtálacha a bhaineann le díbhinní, is é an contrapháirtí a fhaigheann na híocaíochtaí atá coibhéiseach le méid na díbhinne a shainaithneofar ina cheannaitheoir agus is é an contrapháirtí a íocann na híocaíochtaí atá comhionann le méid na díbhinne a shainaithneofar ina dhíoltóir.

8. I gcás babhtálacha a bhaineann le hurrúis seachas babhtálacha a bhaineann le díbhinní, sainaithneofar contrapháirtí 1 ina íocóir nó ina fhaighteoir le haghaidh mhalairt 1, agus is é a mhalairt a bheidh i gceist le haghaidh mhalairt 2. Cuirfidh contrapháirtí 2 a mhalairt de luachanna atá ag contrapháirtí 1 i réimse 18 agus réimse 19 i dTábla 1.

9. I gcás babhtálacha a bhaineann le rátaí úis nó innéacsanna boilscithe, lena n-áirítear babhtálacha trasairgeadra, sainaithneofar contrapháirtí 1 ina íocóir nó ina fhaighteoir le haghaidh mhalairt 1, agus is é a mhalairt a bheidh i gceist le haghaidh mhalairt 2. Cuirfidh contrapháirtí 2 malairt na luachanna atá ag contrapháirtí 1 i réimse 18 agus réimse 19 i dTábla 1.

10. Cé is moite de roghanna agus roghtálacha, i gcás ionstraimí díorthacha chun riosca creidmheasa a aistriú, is é an contrapháirtí a cheannaíonn an chosaint a shainaithneofar ina cheannaitheoir agus is é an contrapháirtí a dhíolann an ionstraim a shaineofar ina dhíoltóir.

11. I gcás babhtálacha a bhaineann le tráchtearraí, sainaithneofar contrapháirtí 1 ina íocóir nó ina fhaighteoir le haghaidh mhalairt 1, agus is é a mhalairt a bheidh i gceist le haghaidh mhalairt 2. Cuirfidh contrapháirtí 2 a mhalairt de luachanna atá ag contrapháirtí 1 i réimse 18 agus réimse 19 i dTábla 1.

12. I gcás réamhchonarthaí malairte eachtraí, sainaithneofar contrapháirtí 1 ina íocóir nó ina fhaighteoir le haghaidh mhalairt 1, agus is é a mhalairt a bheidh i gceist le haghaidh mhalairt 2. Cuirfidh contrapháirtí 2 a mhalairt de luachanna atá ag contrapháirtí 1 i réimse 18 agus réimse 19 i dTábla 1.

13. I gcás díorthaigh a bhaineann le hathraitheas, luaineacht agus comhchoibhneas, is é an contrapháirtí a thairbhíonn de mhéadú ar phraghas na rogha forluitá a shainaithneofar ina cheannaitheoir agus is é an contrapháirtí a thairbhíonn de laghdú ar phraghas na rogha forluitá a shainaithneofar ina dhíoltóir.

Airteagal 5

Comhthaobhacht

Déanfaidh an contrapháirtí tuairiscithe cineál soláthair urrúis chomhthaobhaigh an chonartha díorthaigh nó punainne díorthach dá dtagraítear i réimse 11 i dTábla 3 den Iarscríbhinn a shainaithint mar a leanas:

(a) mar "neamhchomhthaobhaithe" i gcás nach ann d'aon chomhaontú comhthaobhachta idir na contrapháirtithe nó ina leagfar amach sa chomhaontú comhthaobhachta idir na contrapháirtithe nach ndéanfaidh na contrapháirtithe an corrlach tosaigh ná an corrlach athrúcháin a bhreacadh i ndáil leis an díorthach nó le punann díorthach;

(b) a bheith "comhthaobhaithe go páirteach: contrapháirtí 1 amháin" i gcás ina leagfar amach sa chomhaontú comhthaobhachta idir na contrapháirtithe nach ndéanfaidh an contrapháirtí tuairiscithe ach na corrlaigh athrúcháin a bhreacadh go tráthrialta agus nach ndéanfaidh an contrapháirtí eile aon chorrlach a bhreacadh i ndáil leis an díorthach nó le punann díorthach;

(c) a bheith "comhthaobhaithe go páirteach: contrapháirtí 2 amháin" i gcás ina leagfar amach sa chomhaontú comhthaobhachta idir na contrapháirtithe nach ndéanfaidh an contrapháirtí eile ach an corrlach athrúcháin a bhreacadh go tráthrialta agus nach ndéanfaidh an contrapháirtí tuairiscithe aon chorrlach a bhreacadh i ndáil leis an díorthach nó le punann díorthach;

(d) mar "comhthaobhaithe go páirteach" i gcás ina leagfar amach sa chomhaontú comhthaobhachta idir na contrapháirtithe nach mbreacann an dá chontrapháirtí ach an corrlach athrúcháin go tráthrialta i ndáil leis an díorthach nó le punann díorthach;

(e) a bheith "comhthaobhaithe in aon treo amháin: contrapháirtí 1 amháin" i gcás ina leagfar amach sa chomhaontú comhthaobhachta idir na contrapháirtithe go ndéanfaidh an contrapháirtí tuairiscithe an corrlach tosaigh a bhreacadh agus go ndéanfaidh sé na corrlaigh athrúcháin a bhreacadh go tráthrialta agus nach ndéanfaidh an contrapháirtí eile aon chorrlach a bhreacadh i ndáil leis an díorthach nó le punann díorthach;

(f) a bheith "comhthaobhaithe in aon treo amháin: contrapháirtí 2 amháin" i gcás ina leagfar amach sa chomhaontú comhthaobhachta idir na contrapháirtithe go ndéanfaidh an contrapháirtí eile an corrlach tosaigh a bhreacadh agus go ndéanfaidh sé na corrlaigh athrúcháin a bhreacadh go tráthrialta agus nach ndéanfaidh an contrapháirtí tuairiscithe aon chorrlach a bhreacadh i ndáil leis an díorthach nó le punann díorthach;

(g) a bheith "comhthaobhaithe in aon treo amháin/go páirteach: contrapháirtí 1i gcás ina leagfar amach sa chomhaontú comhthaobhachta idir na contrapháirtithe go ndéanfaidh an contrapháirtí tuairiscithe an corrlach tosaigh a bhreacadh agus go ndéanfaidh sé an corrlach athrúcháin a fhógairt go tráthrialta agus nach ndéanfaidh an contrapháirtí eile ach an corrlach athrúcháin a bhreacadh i ndáil leis an díorthach nó le punann díorthach;

(h) a bheith "comhthaobhaithe in aon treo amháin/go páirteach: contrapháirtí 2" i gcás ina leagfar amach sa chomhaontú comhthaobhachta idir na contrapháirtithe go ndéanfaidh an contrapháirtí eile an corrlach tosaigh a bhreacadh agus go ndéanfaidh sé an corrlach athrúcháin a bhreacadh go tráthrialta agus nach ndéanfaidh an contrapháirtí tuairiscithe ach an corrlach athrúcháin a bhreacadh i ndáil leis an díorthach nó le punann díorthach

(i) mar "comhthaobhaithe go hiomlán" i gcás ina leagfar amach sa chomhaontú comhthaobhachta idir na contrapháirtithe go ndéanfaidh an dá chontrapháirtí an corrlach tosaigh a bhreacadh agus go ndéanfaidh siad na corrlaigh athrúcháin a bhreacadh go tráthrialta i ndáil leis an díorthach nó le punann díorthach.

Airteagal 6

Sonrú, sainaithint, agus aicmiú díorthach

1. Sonrófar díorthach i dtuarascáil ar bhonn chineál an chonartha agus chineál na sócmhainní i gcomhréir le réimsí 10 agus 11 i dTábla 2 den Iarscríbhinn.

Sonrófar sa tuarascáil cineál na sócmhainní is cosúla leis an díorthach i gcás nach mbainfidh díorthaigh le haon cheann de na haicmí díorthaigh dá dtagraítear i réimse 11 i dTábla 2 den Iarscríbhinn. Sonróidh an bheirt chontrapháirtithe an cineál sócmhainní céanna.

2. Sainaithneofar díorthach i réimse 7 de Thábla 2 den Iarscríbhinn trí chód Uimhreach Aitheantais Urrús Idirnáisiúnta (ISIN) ISO 6166 a úsáid i gceachtar de na cásanna a leanas:

(a) glactar isteach sa trádáil é, nó trádáiltear ar ionad trádála é;

(b) trádáiltear ar inmheánaitheoir córasach é agus glactar a rogha fhorluiteach isteach sa trádáil nó trádáiltear é ar ionad trádála nó tá innéacs nó bascaed atá comhdhéanta d'ionstraimí a thrádáiltear ar ionad trádála mar bhun leis.

3. Sainaithneofar díorthach seachas an díorthach dá dtagraítear i mír 2 i réimse 8 de Thábla 2 den Iarscríbhinn trí chód Aitheantóra Uathúil Táirge (UPI) ISO 4914 a úsáid.

4. Aicmeoidh an contrapháirtí tuairiscithe an díorthach i réimse 9 i dTábla 2 den Iarscríbhinn trí chód Aicmithe Ionstraime Airgeadais (CFI) ISO 10962 a úsáid.

Airteagal 7

Aitheantóir Uathúil Trádála

1. Tuairisceoidh na contrapháirtithe díorthaigh trí úsáid a bhaint as UTI a ghintear i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 5.

2. Déanfar díorthach, arna thuairisciú ar leibhéal an idirbhirt nó ar leibhéal an tsuímh, a shainaithint trí Aitheantóir Uathúil Idirbhirt (UTI) ISO 23897 a úsáid i réimse 1 i dTábla 2 den Iarscríbhinn. Beidh an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt comhdhéanta d'Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh an eintitis a ghin an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt sin agus cód dá éis sin ina bhfuil suas le 32 charachtar atá uathúil ar leibhéal an eintitis ghiniúna.

3. Cinnfidh na contrapháirtithe an t-eintiteas atá freagrach as an Aitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint i gcomhréir leis an méid a leanas:

(a) le haghaidh díorthaigh imréitithe seachas díorthaigh idir dhá chontrapháirtí lárnach, déanfaidh an contrapháirtí lárnach an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint ag an bpointe imréitigh le haghaidh an chomhalta imréitigh. Déanfaidh an comhalta imréitigh Aitheantóir Uathúil Idirbhirt difriúil a ghiniúint le haghaidh a chontrapháirtí i dtaca le trádáil nach contrapháirtí inti é an contrapháirtí lárnach;

(b) le haghaidh díorthaigh arna bhforghníomhú go lárnach ach nach n-imréitítear go lárnach, déanfar an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint ag ionad an fhorghníomhaithe le haghaidh a chomhalta;

(c) le haghaidh díorthaigh seachas na díorthaigh sin dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), i gcás ina mbeidh ceachtar de na contrapháirtithe faoi réir na gceanglas tuairiscithe i dtríú tír, ginfear an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt de bhun rialacha dhlínse an chontrapháirtí nach mór dó na ceanglais tuairiscithe sin a chomhlíonadh ar dtús.

I gcás nach mór don chontrapháirtí atá faoi réir tuairiscithe faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 na ceanglais tuairiscithe a chomhlíonadh ar dtús, is ionann an t-eintiteas atá freagrach as an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint agus na heintitis a leanas:

(i) le haghaidh díorthaigh arna ndeimhniú go lárnach trí mheán leictreonach, an t-ardán deimhnithe trádála ag an bpointe deimhnithe;

(ii) maidir le gach díorthach eile, comhaontóidh na contrapháirtithe an t-eintiteas atá freagrach as an Aitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint. I gcás ina dteipfidh ar na contrapháirtithe teacht ar chomhaontú, is é an contrapháirtí, a bhfuil a Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh bunaithe ar dtús ar aitheantóirí na gcontrapháirtithe a shórtáil, arb iad na contrapháirtithe sin a bhfuil carachtair an aitheantóra aisiompaithe acu, an contrapháirtí a bheidh freagrach as an nginiúint.

I gcás ina ndéanfar foráil leis na dlíthe is infheidhme de chuid an tríú tír ábhartha maidir leis an sprioc-am tuairiscithe céanna agus an sprioc-am is infheidhme maidir leis an gcontrapháirtí atá faoi réir tuairiscithe faoi Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, comhaontóidh na contrapháirtithe an t-eintiteas atá freagrach as an Aitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint.

I gcás ina dteipfidh ar na contrapháirtithe teacht ar chomhaontú, agus inar deimhníodh an díorthach go lárnach trí mheán leictreonach, déanfaidh an t-ardán deimhnithe trádála an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint ag an bpointe deimhnithe.

Mura bhféadfaidh an t-ardán deimhnithe trádála an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint ag an bpointe deimhnithe, agus más rud é nach mór mionsonraí an díorthaigh a thuairisciú do stór trádála amháin, is é an stór trádála sin a bheidh freagrach as an Aitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint.

Mura bhféadfaidh an stór trádála a ndearnadh mionsonraí an díorthaigh a thuairisciú dó an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint, is é an contrapháirtí a dtagann a Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh ar dtús, agus aitheantóirí na gcontrapháirtithe a bhfuil na carachtair aisiompaithe acu á sórtáil, a bheidh freagrach as an nginiúint;

(d) le haghaidh díorthaigh seachas na díorthaigh sin dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c), arna ndeimhniú go lárnach trí mheán leictreonach, déanfaidh an t-ardán deimhnithe trádála an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint ag an bpointe deimhnithe;

(e) maidir le gach díorthach seachas na díorthaigh sin dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d), beidh feidhm ag an méid a leanas maidir leo:

(i) i gcás ina ndéanfaidh contrapháirtithe airgeadais díorthach a thabhairt i gcrích le contrapháirtithe neamhairgeadais, déanfaidh na contrapháirtithe airgeadais an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint;

(ii) i gcás ina ndéanfaidh contrapháirtithe neamhairgeadais atá os cionn na tairsí imréitigh díorthach a thabhairt i gcrích le contrapháirtithe neamhairgeadais atá faoi bhun na tairsí imréitigh, déanfaidh na contrapháirtithe neamhairgeadais sin atá os cionn na tairsí imréitigh an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint;

(iii) maidir le gach díorthach seachas na díorthaigh sin dá dtagraítear i bpointe (i) agus i bpointe (ii), comhaontóidh na contrapháirtithe an t-eintiteas atá freagrach as an Aitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint. I gcás ina dteipfidh ar na contrapháirtithe teacht ar chomhaontú, is é an contrapháirtí, a bhfuil a Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh bunaithe ar dtús ar aitheantóirí na gcontrapháirtithe a shórtáil, arb iad na contrapháirtithe sin a bhfuil carachtair an aitheantóra aisiompaithe acu, an contrapháirtí a bheidh freagrach as an nginiúint.

4. An contrapháirtí a dhéanann an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint, cuirfidh sé an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt in iúl don chontrapháirtí eile go tráthúil agus tráth nach déanaí ná 10.00 a.m. Am Uilíoch Lárnach an lá oibre tar éis an dáta a thugtar an díorthach i gcrích.

5. D'ainneoin mhír 3, féadfar giniúint an Aitheantóra Uathúil Idirbhirt a tharmligean d'eintiteas nach ionann é agus an t-eintiteas arna chinneadh i gcomhréir le mír 3. Comhlíonfaidh an t-eintiteas a dhéanfaidh an tAitheantóir Uathúil Idirbhirt a ghiniúint na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 agus 4.

Airteagal 8

Athruithe LEI agus nuashonrú ar chód aitheantais a thuairisciú do LEI

1. I gcás ina rachaidh an contrapháirtí arna shainaithint de bhun Airteagal 3 i dtuairisciú díorthaigh faoi imeacht athstruchtúraithe corparáide a n-eascraíonn athrú ar a Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh as, is é an contrapháirtí sin nó an contrapháirtí lena mbaineann an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh nua, nó an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú a dhéanamh thar ceann ceachtar de na contrapháirtithe sin de bhun Airteagal 9(1a) go hAirteagal 9(1d) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, nó an t-eintiteas a ndearna ceachtar de na contrapháirtithe an tuairisciú a tharmligean dó de bhun Airteagal 9(1f) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, a thabharfaidh fógra don an stór trádála a ndearna an contrapháirtí a

ndeachaigh faoi imeacht athstruchtúraithe corparáide a ndíorthaigh a thuairisciú dó faoin athrú agus iarrfaidh sé nuashonrú ar an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh sna díorthaigh lena mbaineann dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 2(2) dáta an imeachta athstruchtúraithe corparáide a n-eascraíonn athrú ar an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh nó ar chonarthaí arna dtuairisciú tar éis an dáta sin as.

2. I gcás inar féidir, déanfar an iarraidh chun an t-aitheantóir sna díorthaigh dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 2(2) a nuashonrú 30 lá féilire ar a laghad roimh an imeacht athstruchtúraithe corparáide a n-eascraíonn athrú ar an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh as. Mura bhféadfaidh an t-eintiteas dá dtagraítear i mír 1 an fhaisnéis sin a sholáthar don stór trádála 30 lá féilire roimh an imeacht athstruchtúraithe corparáide a n-eascraíonn athrú ar an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh as, tabharfaidh sé fógra don stór trádála faoi sin a luaithe is féidir.

3. Beidh an méid a leanas ar a laghad san iarraidh dá dtagraítear i mír 1:

(a) LEI gach contrapháirtí atá páirteach san imeacht athstruchtúraithe corparáide;

(b) LEI an chontrapháirtí nua;

(c) an dáta a dtagann nó ar tháinig athrú ar an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh;

(d) Aitheantóirí Uathúla Idirbhirt na ndíorthach lena mbaineann i gcás nach ndéanfaidh an t-imeacht athstruchtúraithe corparáide difear ach d'fhothacar díorthach dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 2(2);

(e) fianaise gur tharla nó go dtarlóidh an t-imeacht athstruchtúraithe corparáide, faoi réir na bhforálacha a bhaineann leis nochtadh poiblí na faisnéise ón taobh istigh in Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014.

4. I gcás ina dtabharfaidh an contrapháirtí fógra trí thimpiste do stór trádála faoi athrú ar a Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh, leanfaidh sé an nós imeachta maidir le nuashonrú a iarraidh ar a Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3.

5. I dtaca le contrapháirtí a sainaithníodh roimh ré le haitheantóir seachas Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh, i gcás ina bhfaighidh an contrapháirtí sin Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh, bíonn feidhm ag na nósanna imeachta faoi mhíreanna 1, 2 agus 3.

6. I gcás ina mbainfidh athrú ar Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh le contrapháirtí atá bunaithe i dtríú tír, is é a chontrapháirtí tuairiscithe atá bunaithe san Aontas nó an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú a dhéanamh de bhun Airteagal 9(1a) go (1d) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó an t-eintiteas a ndearna an contrapháirtí tuairiscithe atá bunaithe san Aontas an tuairisciú a tharmligean dó a dhéanfaidh an nós imeachta faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 a thionscnamh.

7. I gcás ina bhfaighidh contrapháirtí Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh, ar contrapháirtí é atá bunaithe i dtríú tír agus a sainaithníodh roimh ré le haitheantóir seachas Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh, i dtaca le gach contrapháirtí tuairiscithe atá bunaithe san Aontas a ndearnadh difear dó leis an athrú sin nó an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú a dhéanamh de bhun Airteagal 9(1a) go (1d) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó an t-eintiteas a ndearna an contrapháirtí tuairiscithe atá bunaithe san Aontas an tuairisciú a tharmligean dó, iarrfaidh siad nuashonrú aitheantóra an chontrapháirtí atá bunaithe i dtríú tír dá stór trádála faoi seach.

8. I gcás ina mbainfidh athrú ar an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh le heintiteas dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (e) nó (g) d'Airteagal 3(1), nach contrapháirtí sa díorthach é, déanfaidh contrapháirtí 1 nó an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú Aitheantóirí Uathúla Idirbhirt na ndíorthach lena mbaineann dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 2(2) a dheimhniú don stór trádála. I gcás nach ndéanfaidh contrapháirtí 1 agus an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú Aitheantóirí Uathúla Idirbhirt na ndíorthach dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 2(2) a bhaineann leis an athrú ar an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh a dheimhniú don stór trádála, déanfaidh contrapháirtí 1 nó an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh an eintitis lena mbaineann a nuashonrú i ngach tuarascáil a bhaineann leis na díorthaigh lena mbaineann dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 2(2) trí thuarascáil a bhfuil an cineál "Modhnaigh" aige a sheoladh.

Airteagal 9

Modhanna agus socruithe i dtaca le tuairisciú

1. Tabharfaidh an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú fógra dá údarás inniúil agus, más difriúil é, d'údarás inniúil an chontrapháirtí tuairiscithe, faoi aon cheann de na cásanna a leanas:

(a) aon mhíthuairisciú arb iad fabhtanna sna córais tuairiscithe is cúis leis agus lena ndéanfaí difear do líon suntasach tuarascálacha,

(b) aon bhac tuairiscithe lena gcuirtear cosc ar an eintiteas a chuireann tuarascáil isteach tuarascálacha a sheoladh chuig stór trádála laistigh den sprioc-am dá dtagraítear i in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012,

(c) aon saincheist shuntasach as a n-eascródh earráidí tuairiscithe nach mbeadh ina gcúis le diúltú ó stór trádála i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1858 ón gCoimisiún ([7]).

Tabharfaidh an t-eintiteas atá freagrach as tuairisciú fógra faoi aon cheann de na cásanna sin, a luaithe a thiocfaidh sé chun bheith ar an eolas fúthu.

Léireofar leis an bhfógra an cineál earráide nó easnaimh, dáta an teagmhais, raon feidhme na dtuarascálacha a ndearnadh difear dóibh, cúiseanna leis na hearráidí nó leis na heasnaimh, bearta arna nglacadh chun an fhadhb a réiteach agus an tréimhse chun an fhadhb agus ceartuithe a réiteach.

2. I gcás inarb é contrapháirtí airgeadais atá freagrach agus faoi dhliteanas dlíthiúil, agus é sin amháin, as mionsonraí a bhaineann le conarthaí díorthaigh thar an gcuntar a thuairisciú thar ceann contrapháirtí neamhairgeadais de bhun Airteagal 9(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, cuirfidh sé na socruithe a leanas i bhfeidhm:

(a) socruithe le go gcuirfidh an contrapháirtí neamhairgeadais na mionsonraí a leanas ar fáil go tráthúil, ar mionsonraí iad a bhaineann leis na conarthaí díorthach thar an gcuntar nach féidir coinne a bheith leis le réasún go mbeidís i seilbh an chontrapháirtí airgeadais agus i gcás nach eol don chontrapháirtí airgeadais sin iad:

(i) aitheantas bróicéara, dá dtagraítear i réimse 15 i dTábla 1 den Iarscríbhinn;

(ii) comhalta imréitigh, dá dtagraítear i réimse 16 i dTábla 1 den Iarscríbhinn;

(iii) nasctha go díreach le gníomhaíocht tráchtála nó le maoiniú cisteáin, dá dtagraítear i réimse 20 i dTábla 1 den Iarscríbhinn;

(b) socruithe le haghaidh faisnéis thráthúil ón gcontrapháirtí neamhairgeadais don chontrapháirtí airgeadais maidir le haon athrú ar a oibleagáidí dlíthiúla de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(c) socruithe go ndéanfaidh an contrapháirtí neamhairgeadais a Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh a athnuachan go cuí i gcomhréir le téarmaí aon cheann d'Aonaid Oibríochtúla Áitiúla chreidiúnaithe an Chórais Dhomhanda um Aitheantóirí Eintitis Dhlítheanaigh;

(d) socruithe go dtabharfaidh an contrapháirtí neamhairgeadais fógra don chontrapháirtí airgeadais go tráthúil faoin gcinneadh aige maidir le tús nó deireadh a chur le tuairisciú a dhéanamh ar mhionsonraí conarthaí díorthaigh thar an gcuntar arna dtabhairt i gcrích leis an gcontrapháirtí airgeadais. Le socruithe den sórt sin, áiritheofar ar a laghad go dtabharfar an fógra i scríbhinn nó trí mheán leictreonach coibhéiseach 10 lá oibre ar a laghad roimh an dáta is mian leis an gcontrapháirtí neamhairgeadais tús nó críoch a chur leis an tuairisciú.

3. Na contrapháirtithe, na heintitis atá freagrach as tuairisciú agus na heintitis a chuireann tuarascáil isteach, beidh socruithe i bhfeidhm acu, de réir mar is infheidhme, lena n-áiritheofar go ndéanfar an t-aiseolas maidir leis na teipeanna imréitigh arna soláthar de bhun Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1858.

Airteagal 10

An dáta faoina ndéanfar conarthaí díorthach a thuairisciú

